



Coláiste Aonad Bainistíochta	Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Scoil Aonad	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Oifigeach Soghluaisteachta Domhanda
Tréimhse an Phoist	Sealadach, 5 bliana
Grád	Oifigeach Riaracháin II
Scála Tuarastail	€52,519 - €67,129 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2017/105
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Soghluaisteachta Domhanda (nó ainmní)
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019991
Riarthóir Acmhainní Daonna	Martyna Wojcik
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost mar Oifigeach Soghluaisteachta Domhanda.

Déanfaidh an tOifigeach Soghluaisteachta Domhanda na próisis a bhaineann le soghluaisteacht mac léinn agus foirne faoin gclár Erasmus+ a chomhordú, a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tacóidh an ceapaí leis an mBainisteoir Soghluaisteachta Domhanda i mbainistiú líonra fairsing comhpháirtíochtaí soghluaisteachta na hollscoile. Ina theannta sin, cuireann an ról seo le cuspóirí straitéiseacha níos leithne na hollscoile maidir le rannpháirtíocht dhomhanda a chur chun cinn.